(10) Tá suim na rannchuidithe náisiúnta a chuireann na Ballstáit in iúl ina bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide níos ísle ná sprioc 32,5 % an Aontais. Mar thoradh ar na rannchuidithe i dteannta a chéile, thiocfadh laghdú 29,7 % ar an tomhaltas fuinnimh phríomhúil agus 29,4 % ar an tomhaltas fuinnimh deiridh i gcomparáid leis na réamh-mheastacháin ó Chás Tagartha AE 2007 ón gCoimisiún do 2030. D'fhágfadh sin go mbeadh bearna chomhchoiteann 2,8 pointe céatadáin le haghaidh tomhaltas fuinnimh phríomhúil agus bearna chomhchoiteann 3,1 pointe céatadáin le haghaidh tomhaltas fuinnimh deiridh le haghaidh AE -27.

(11) Chuir roinnt Ballstát pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide uaillmhianacha i láthair, ar mheas an Coimisiún iad a bheith 'leordhóthanach', agus ina raibh bearta a chuirfidh ar chumas na mBallstát sin rannchuidiú leis na spriocanna comhchoiteanna don éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach le cóimheas níos mó ná meán an Aontais. Ina theannta sin, tá doiciméadú déanta ag roinnt Ballstát ar 'iarrachtaí luatha' chun coigilteas fuinnimh a bhaint amach, eadhon coigilteas fuinnimh os cionn mheánchonairí an Aontais le blianta beaga anuas. Sa dá chás, is iarrachtaí suntasacha iad sin ar cheart iad a aithint agus a chur san áireamh i réamh-mheastacháin samhaltaithe an Aontais amach anseo agus is féidir leo feidhmiú mar dhea-shamplaí den chaoi ar féidir leis na Ballstáit uile oibriú ar a n-acmhainneacht éifeachtúlachta fuinnimh chun buntáistí suntasacha a thabhairt dá ngeilleagair agus dá sochaithe.

(86) Tá feidhm ag an oibleagáid tuairiscithe maidir leis na lárionaid sonraí sin a chomhlíonann an tairseach a leagtar amach sa Treoir seo. I ngach cás agus go sonrach i gcás lárionaid sonraí fiontair ar an láthair, ba cheart an oibleagáid tuairiscithe a thuiscint mar thagairt do na spásanna agus don trealamh a fhónann go príomha nó go heisiach d'fheidhmeanna a bhaineann le sonraí (seomraí freastalaithe), lena n-áirítear an trealamh gaolmhar is gá, mar shampla, fuarú gaolmhar, soilsiú gaolmhar, eagair ceallraí, nó soláthairtí cumhachta do-idirbhriste. Aon trealamh TF atá suite nó suiteáilte i rochtain phoiblí, úsáid choiteann nó spás oifige go príomha, nó a thacaíonn le feidhmeanna corparáideacha eile, amhail stáisiúin oibre, ríomhairí glúine, fótachóipeálaithe, braiteoirí, trealamh slándála, nó earraí bána agus fearais chlosamhairc, ba cheart iad a eisiamh ón oibleagáid tuairiscithe. Ba cheart feidhm a bheith ag an eisiamh céanna maidir le freastalaí, líonrú, stóráil, agus trealamh gaolmhar a bheadh scaipthe ar fud láithreáin amhail freastalaithe aonair, racaí aonair, nó Wi-Fi agus pointí líonraithe.

(114) Leis an Treoir seo, neartaítear cosaint tomhaltóirí trí chearta conarthacha bunúsacha a thabhairt isteach maidir le téamh ceantair, fuarú agus uisce te tí, i gcomhréir leis an leibhéal ceart, cosanta agus cumhachtaithe a tugadh isteach le Treoir (AE) 2019/944 do chustaiméirí deiridh in earnáil an leictreachais. Ba cheart faisnéis shoiléir gan débhrí maidir lena gcearta a chur ar fáil do thomhaltóirí. Cuireann roinnt tosca bac ar thomhaltóirí rochtain a fháil ar na foinsí éagsúla faisnéise faoin margadh atá ar fáil dóibh, iad a thuiscint agus gníomhú ina bhfianaise. Trí bhunchearta conarthacha a thabhairt isteach, féadfar, i measc nithe eile, tuiscint cheart a fháil ar an mbonnlíne maidir le cáilíocht na seirbhísí a thairgeann an soláthróir sa chonradh, lena n-áirítear cáilíocht agus saintréithe an fhuinnimh a sholáthraítear. Ina theannta sin, is féidir leis cur le híoslaghdú na gcostas folaithe nó breise a d'fhéadfadh teacht as seirbhísí uasghrádaithe nó seirbhísí nua a thabhairt isteach tar éis shíniú an chonartha gan tuiscint shoiléir agus comhaontú soiléir ón gcustaiméir. D'fhéadfadh baint a bheith ag na seirbhísí sin, i measc nithe eile, leis an bhfuinneamh a sholáthraítear, seirbhísí méadraithe agus billeála, ceannach agus suiteáil nó seirbhísí coimhdeacha agus cothabhála agus costais a bhaineann leis an líonra, feistí méadraithe, trealamh téimh nó fuaraithe áitiúil. Rannchuideoidh na ceanglais le hinchomparáideacht tairiscintí a fheabhsú agus áiritheofar leo an leibhéal céanna ceart conarthach bunúsach do shaoránaigh uile an Aontais maidir le téamh, fuarú agus uisce te tí, gan srian a chur ar inniúlachtaí náisiúnta.

(115) I gcás díscor pleanáilte ó théamh, fuarú agus uisce te tí, ba cheart do sholáthróirí faisnéis leordhóthanach a chur ar fáil do na custaiméirí lena mbaineann maidir le bearta malartacha, amhail foinsí tacaíochta chun díscor a sheachaint, córais réamhíocaíochta, iniúchtaí fuinnimh, seirbhísí comhairliúcháin fuinnimh, pleananna íocaíochta malartacha, comhairle maidir le bainistiú fiachais nó moratóir ar dhícheangal.

5. Déanfaidh an Coimisiún measúnú go bhfuil rannchuidiú comhchoiteann na mBallstát comhionann, ar a laghad, le sprioc cheangailteach an Aontais de thomhaltas fuinnimh deiridh a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo. I gcás ina gcinneann an Coimisiún nach leor é, mar chuid dá mheasúnú ar na dréachtphleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide nuashonraithe de bhun Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) 2018/1999, nó faoin 1 Márta 2024 ar a dhéanaí, agus Cás Tagartha nuashonraithe AE 2020 á chur san áireamh de bhun na míre seo, cuirfidh an Coimisiún rannchuidiú táscach ceartaithe náisiúnta éifeachtúlachta fuinnimh le haghaidh tomhaltas fuinnimh deiridh faoi bhráid gach Ballstáit ar bhonn an mhéid seo a leanas:

(a) an laghdú comhchoiteann atá fágtha ar thomhaltas fuinnimh deiridh a bhfuil gá leis chun sprioc cheangailteach an Aontais a leagtar amach i mír 1 a bhaint amach;

(b) déine choibhneasta gás ceaptha teasa in aghaidh an aonaid OTI in 2019 i measc na mBallstát lena mbaineann;

(c) OTI na mBallstát sin in 2019.

Sula gcuirfear an fhoirmle in Iarscríbhinn I i bhfeidhm don sásra a bhunaítear sa mhír seo agus faoin 30 Samhain 2023 ar a dhéanaí, tabharfaidh an Coimisiún Cás Tagartha AE 2020 cothrom le dáta ar bhonn na sonraí Eurostat is déanaí arna dtuairisciú ag na Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 4(2), pointe (b), agus Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999.

D’ainneoin Airteagal 37 den Treoir seo, déanfaidh na Ballstáit sin ar mian leo a rannchuidithe táscacha náisiúnta éifeachtúlachta fuinnimh a nuashonrú de bhun mhír 2 den Airteagal seo, agus Cás Tagartha nuashonraithe AE 2020 á úsáid acu, fógra a thabhairt maidir lena rannchuidiú táscach náisiúnta éifeachtúlachta fuinnimh nuashonraithe faoin 1 Feabhra 2024 ar a dhéanaí. I gcás inar mian le Ballstát a rannchuidiú táscach náisiúnta éifeachtúlachta fuinnimh a thabhairt cothrom le dáta, áiritheoidh sé nach mbeidh a rannchuidiú in Mtoe níos mó ná 2,5 % os cionn an mhéid a bheadh ann dá n-eascródh sé as an bhfoirmle a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus úsáid á baint as Cás Tagartha nuashonraithe AE 2020.

Na Ballstáit sin ar thíolaic an Coimisiún rannchuidiú táscach ceartaithe náisiúnta éifeachtúlachta fuinnimh dóibh, nuashonróidh siad a rannchuidithe táscacha náisiúnta éifeachtúlachta fuinnimh de bhun mhír 2 den Airteagal seo, leis an rannchuidiú táscach ceartaithe náisiúnta éifeachtúlachta fuinnimh don tomhaltas fuinnimh deiridh agus nuashonróidh siad freisin a gconair tháscach don rannchuidiú sin agus, i gcás inarb infheidhme, a mbearta breise, mar chuid de na nuashonruithe ar a bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna dtíolacadh de bhun Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2018/1999. Ceanglóidh an Coimisiún ar na Ballstáit, i gcomhréir leis an Rialachán sin, a rannchuidiú táscach ceartaithe éifeachtúlachta fuinnimh agus, i gcás inarb infheidhme, a mbearta breise chun cur i bhfeidhm an tsásra a leagtar amach sa mhír seo a áirithiú, a thíolacadh gan mhoill.

I gcás ina bhfuil fógra tugtha ag Ballstát faoi rannchuidiú táscach náisiúnta éifeachtúlachta fuinnimh le haghaidh tomhaltas fuinnimh deiridh in Mtoe atá cothrom leis an méid a bheadh ann dá n-eascródh sé as an bhfoirmle a leagtar amach in Iarscríbhinn I nó níos lú ná sin, ní leasóidh an Coimisiún an rannchuidiú sin.

# Caibidil II
# Ról eiseamláireach na hearnála poiblí

*Airteagal 5*

*An earnáil phoiblí chun tosaigh ar éifeachtúlacht fuinnimh*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar tomhaltas fuinnimh deiridh iomlán na gcomhlachtaí poiblí go léir le chéile a laghdú 1,9 % ar a laghad gach bliain, i gcomparáid le 2021.

   Féadfaidh na Ballstáit rogha a dhéanamh iompar poiblí nó na fórsaí armtha a eisiamh ón oibleagáid a leagtar síos sa chéad fhomhír. Chun críocha na chéad fhomhíre agus an dara fomhír, bunóidh na Ballstáit bonnlíne, lena n-áirítear tomhaltas fuinnimh deiridh gach comhlachta phoiblí, seachas in iompar poiblí nó sna fórsaí armtha, le haghaidh 2021. Is laghdú táscach é an laghdú ar thomhaltas fuinnimh an iompair phoiblí agus na bhfórsaí armtha agus féadfar é a chur san áireamh fós chun an oibleagáid faoin gcéad fhomhír a chomhlíonadh fiú má eisiatar ón mbonnlíne faoin Airteagal seo é.

2. Le linn idirthréimhse dar críoch an ... [4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], is táscach a bheidh an sprioc a leagtar amach i mír 1. Le linn na hidirthréimhse sin, féadfaidh na Ballstáit sonraí measta maidir le tomhaltas a úsáid, agus, faoin dáta céanna, déanfaidh na Ballstáit an bonnlíne a choigeartú agus tomhaltas fuinnimh deiridh measta na gcomhlachtaí poiblí uile a ailíniú le tomhaltas fuinnimh deiridh iarbhír na gcomhlachtaí poiblí go léir.

3. Ní áireofar san oibleagáid a leagtar síos i mír 1, go dtí an 31 Nollaig 2026, tomhaltas fuinnimh comhlachtaí poiblí in aonaid riaracháin áitiúla a bhfuil daonra níos lú ná 50 000 acu agus, go dtí an 31 Nollaig 2029, tomhaltas fuinnimh comhlachtaí poiblí in aonaid riaracháin áitiúla a bhfuil daonra níos lú ná 5 000 iontu.

4. Féadfaidh na Ballstáit éagsúlachtaí aeráide laistigh den Bhallstát a chur san áireamh agus tomhaltas fuinnimh deiridh a gcomhlachtaí poiblí á ríomh acu.

5. Áireoidh na Ballstáit sna nuashonruithe, arna dtíolacadh de bhun Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2018/1999, ar a bpleananna fuinnimh agus aeráide, ar tugadh fógra ina leith de bhun Airteagal 3 agus Airteagail 7 go 12 den Rialachán sin, an laghdú ar thomhaltas fuinnimh atá le baint amach ag gach comhlacht poiblí, imdhealaithe de réir earnála, agus na bearta a bhfuil ar intinn acu glacadh chun na laghduithe sin a bhaint amach. Mar chuid dá dtuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn arna dtíolacadh de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2018/1999, tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún an laghdú ar thomhaltas fuinnimh deiridh a baineadh amach gach bliain.

6. Áiritheoidh na Ballstáit go mbunóidh údaráis réigiúnacha agus áitiúla bearta sonracha éifeachtúlachta fuinnimh ina n-uirlisí pleanála fadtéarmacha, ar nós pleananna maidir le dícharbónú nó le fuinneamh inbhuanaithe, tar éis dóibh dul i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear gníomhaireachtaí fuinnimh i gcás inarb iomchuí, agus leis an bpobal, lena n-áirítear, go háirithe, na grúpaí leochaileacha a bhfuil an baol ann go ndéanfaidh bochtaineacht fuinnimh difear dóibh nó atá níos soghabhálaí i leith éifeachtaí na bochtaineachta fuinnimh.

(c) ón 1 Eanáir 2035, córas ina n-úsáidtear 50 % ar a laghad d'fhuinneamh in-athnuaite, 50 % de dhramhtheas nó 50 % d'fhuinneamh in-athnuaite agus de dhramhtheas, nó córas ina bhfuil sciar iomlán an fhuinnimh in-athnuaite, an dramhtheasa nó an teasa chomhghinte ardéifeachtúlachta ach 80 % ar a laghad agus, ina theannta sin, sciar iomlán an fhuinnimh in-athnuaite nó an dramhtheasa a bheith 35 % ar a laghad;

(d) ón 1 Eanáir 2040, córas ina n-úsáidtear 75 % ar a laghad d'fhuinneamh in-athnuaite, 75 % de dhramhtheas nó 75 % d'fhuinneamh in-athnuaite agus de dhramhtheas, nó córas ina n-úsáidtear 95 % ar a laghad d'fhuinneamh in-athnuaite, de dramhtheas nó teas comhghinte ardéifeachtúlachta agus, ina theannta sin, sciar iomlán an fhuinnimh in-athnuaite nó an dramhtheasa a bheith 35 % ar a laghad;

(e) ón 1 Eanáir 2045, córas a úsáideann ar a laghad 75 % d'fhuinneamh in-athnuaite, 75 % de dhramhtheas nó 75 % d'fhuinneamh in-athnuaite agus de dhramhtheas;

(f) ón 1 Eanáir 2050, córas nach n-úsáideann ach fuinneamh in-athnuaite, dramhtheas amháin, nó meascán d'fhuinneamh in-athnuaite agus dramhtheas amháin.

2. Ina theannta sin, mar mhalairt ar na critéir a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit critéir feidhmíochta inbhuanaitheachta a roghnú bunaithe ar mhéid na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ón gcóras téimh agus fuaraithe ceantair in aghaidh an aonaid teasa nó fuachta arna seachadadh chuig na custaiméirí, agus bearta arna gcur chun feidhme chun an oibleagáid de bhun Airteagal 24(4) de Threoir (AE) 2018/2001 á gcur san áireamh. Agus na critéir sin á roghnú, beidh ag córas éifeachtúil téimh agus fuaraithe ceantair an t-uasmhéid seo a leanas d'astaíochtaí gás ceaptha teasa in aghaidh an aonaid teasa nó fuachta arna seachadadh chuig na custaiméirí:

(a) go dtí an 31 Nollaig 2025: 200 gram/kWh;

(b) ón 1 Eanáir 2026: 150 gram/kWh;

(c) ón 1 Eanáir 2035: 100 gram/kWh;

(d) ón 1 Eanáir 2045: 50 gram/kWh;

(e) ón 1 Eanáir 2050: 0 gram/kWh.

3. Féadfaidh na Ballstáit rogha a dhéanamh na critéir d’astaíochtaí gás ceaptha teasa in aghaidh an aonaid teasa nó fuachta a chur i bhfeidhm ar feadh aon tréimhse áirithe dá dtagraítear i mír 2, pointí (a) go (e), den Airteagal seo. Má roghnaíonn siad amhlaidh a dhéanamh, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoin ... [3 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] don tréimhse dá dtagraítear i mír 2, pointe (a), den Airteagal seo agus ar a laghad 6 mhí roimh thús na dtréimhsí ábhartha dá dtagraítear i mír 2, pointí (b) go (e), den Airteagal seo. Áireofar i bhfógra den sórt sin na bearta a cuireadh chun feidhme chun an oibleagáid a chomhlíonadh de bhun Airteagal 24(4) de Threoir (AE) 2018/2001 mura mbeidh fógra tugtha dóibh cheana féin sa nuashonrú is déanaí ar a bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide.

4. Ionas go gcáileoidh córas téimh agus fuaraithe ceantair mar chóras éifeachtúil, áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina dtógtar é nó ina ndéanfar a aonaid soláthair a athchóiriú go substaintiúil, go gcomhlíonann na córais téimh nó fuaraithe ceantair na critéir a leagtar amach i mír 1 nó i mír 2 is infheidhme tráth a thosaíonn sé nó a leanann sé dá oibriú tar éis an athchóirithe. Ina theannta sin, áiritheoidh na Ballstáit i gcás ina dtógtar córas téimh agus fuaraithe ceantair nó ina ndéantar athchóiriú substaintiúil ar a aonaid soláthair:

(a) nach bhfuil aon mhéadú ar úsáid breoslaí iontaise seachas gás nádúrtha i bhfoinsí teasa atá ann cheana i gcomparáid leis an tomhaltas bliantúil ar an meán le linn na 3 bliana féilire roimhe sin den lánoibríocht roimh an athchóiriú; agus

(b) nach n-úsáideann aon fhoinsí teasa nua sa chóras sin breoslaí iontaise, seachas gás nádúrtha, má thógtar é nó má dhéantar athchóiriú substaintiúil air go dtí 2030.

3. Déanfar $F_{early\text{-}action}$ a ríomh do gach Ballstát mar thoradh a mhéid coigiltis fuinnimh faoin bhfeabhas ar an déine fuinnimh a bhain gach Ballstát amach. Déanfar méid an choigiltis fuinnimh do gach Ballstát a ríomh ar bhonn an laghdaithe ar thomhaltas fuinnimh (i gcoibhéis tona ola) i gcoibhneas le laghdú an Aontais ar thomhaltas fuinnimh idir an meán 3 bliana don tréimhse 2007-2009 agus an meán 3 bliana don tréimhse 2017-2019. Déanfar an feabhsú ar dhéine fuinnimh gach Ballstáit a ríomh ar bhonn an laghdaithe ar dhéine fuinnimh (i gcoibhéis tona ola/EUR) i gcoibhneas le laghdú déine fuinnimh an Aontais idir an meán 3 bliana don tréimhse 2007-2009 agus an meán 3 bliana don tréimhse 2017-2019.

4. Ríomhfar $F_{wealth}$ le haghaidh gach Ballstáit ar bhonn a innéacs meán-fhíor-OTI *per capita* 3 bliana ó Eurostat i leith meán 3 bliana an Aontais thar an tréimhse 2017-2019, arna shloinneadh i bpaireachtaí cumhachta ceannaigh (PCCanna).

5. Ríomhfar $F_{intensity}$ le haghaidh gach Ballstáit ar bhonn a innéacs meándéine fuinnimh deiridh 3 bliana (FEC nó PEC in aghaidh fíor OTI in PCCanna) i leith mheán 3 bliana an Aontais thar an tréimhse 2017-2019.

6. Ríomhfar $F_{potential}$ le haghaidh gach Ballstáit ar bhonn an choigiltis fuinnimh deiridh nó phríomhúil faoi chás PRIMES MIX 55 % le haghaidh 2030. Sloinntear an coigilteas i leith réamh-mheastacháin Chás Tagartha AE 2020 le haghaidh 2030.

(2) In aonaid chomhghiniúna ag a bhfuil éifeachtúlacht fhoriomlán bhliantúil faoin luach dá dtagraítear i bpointe (1)(a), eadhon na haonaid chomhghiniúna de chineálacha (2), (4), (5), (6), (7), agus (8) dá dtagraítear i gCuid II, nó ag a bhfuil éifeachtúlacht fhoriomlán bhliantúil faoin luach dá dtagraítear i bpointe (1)(b), eadhon na haonaid chomhghiniúna de chineálacha (1) agus (3) dá dtagraítear i gCuid II, ríomhtar leictreachas ó chomhghiniúint de réir na foirmle a leanas:

ECHP=HCHP*C

inarb é:

is é is ECHP ann méid an leictreachais ó chomhghiniúint;

is é is C ann an cóimheas idir cumhacht agus teas;

is é is HCHP ann an méid teasa úsáidigh ó chomhghiniúint (a ríomhtar chun na críche sin mar tháirgeadh teasa iomlán lúide aon teas a tháirgtear i gcoirí leithleacha nó trí eastóscadh gaile beo ón ngineadóir gaile roimh an tuirbín).

(j) de mhaolú ar phointe (i), le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2030, ní fhéadfar coigilteas fuinnimh ó theicneolaíochtaí dócháin dhírigh breoslaí iontaise lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair dhianfhuinnimh in earnáil an tionscail a áireamh mar choigilteas fuinnimh ach amháin chun críocha Airteagal 8(1), pointí (b) agus (c), go dtí an 31 Nollaig 2030, ar choinníoll gur fíor an méid seo a leanas ina leith:

(i) rinne an fiontar iniúchadh fuinnimh de bhun Airteagal 11(2) agus plean cur chun feidhme ina n-áirítear:

– forléargas ar na bearta éifeachtúlachta fuinnimh cost-éifeachtúla uile a bhfuil tréimhse aisíoca 5 bliana nó níos lú acu, ar bhonn modheolaíochtaí simplí íostréimhse aisíoca arna gcur ar fáil ag an mBallstát,

– tréimhse ama chun na bearta éifeachtúlachta fuinnimh ar fad a mholtar a chur chun feidhme a mbeidh tréimhse aisíoca 5 bliana nó níos lú ag gabháil leo,

– ríomh ar an gcoigilteas fuinnimh a bhfuiltear ag súil leis mar thoradh ar na bearta éifeachtúlachta fuinnimh a mholtar agus,

– bearta éifeachtúlachta fuinnimh a bhaineann leis an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí dócháin dhírigh breoslaí iontaise leis an bhfaisnéis ábhartha is gá chun:

  – a chruthú nach méadaíonn an beart arna shainaithint an méid fuinnimh is gá ná acmhainneacht suiteála,

– údar maith a thabhairt nach bhfuil sé indéanta go teicniúil teicneolaíochtaí breosla neamh-iontaise inbhuanaithe a ghlacadh,

– a léiriú go gcomhlíonann an teicneolaíocht dócháin dhírigh breoslaí iontaise reachtaíocht chomhfhreagrach is déanaí an Aontais maidir le feidhmíocht astaíochtaí agus cosc a chur ar éifeachtaí gaibhnithe teicneolaíochta trí chomhoiriúnacht amach anseo le breoslaí agus teicneolaíochtaí malartacha neamh-iontaise atá aeráidneodrach a áirithiú.

(ii) is é atá i gceist le leanúint d’úsáid teicneolaíochtaí dócháin dhírigh na mbreoslaí iontaise beart éifeachtúlachta fuinnimh chun tomhaltas fuinnimh a laghdú le tréimhse aisíoca 5 bliana nó níos lú, ar bhonn modheolaíochtaí simplí tréimhse aisíoca arna soláthar ag an mBallstát, arna moladh mar thoradh ar iniúchadh fuinnimh de bhun Airteagal 11(2) agus a áirítear sa phlean cur chun feidhme;

(iii) comhlíonann úsáid teicneolaíochtaí dócháin dhírigh breoslaí iontaise reachtaíocht chomhfhreagrach is déanaí an Aontais maidir le feidhmíocht astaíochtaí agus ní thagann éifeachtaí gaibhnithe teicneolaíochta aisti agus áirithíonn sí comhoiriúnacht amach anseo le breoslaí agus teicneolaíochtaí malartacha aeráidneodracha;

(iv) ní bhíonn méadú ar thomhaltas fuinnimh ná méadú ar acmhainneacht na suiteála san fhiontar mar thoradh ar úsáid teicneolaíochtaí dócháin dhírigh breoslaí iontaise san fhiontar sin;

**IARSCRÍBHINN VII**

NA CEANGLAIS ÍOSTA MAIDIR LE FAIREACHÁN A DHÉANAMH AR FHEIDHMÍOCHT FUINNIMH LÁRIONAD SONRAÍ AGUS MAIDIR LEIS AN bhFEIDHMÍOCHT SIN A FHOILSIÚ

Déanfar faireachán ar an bhfaisnéis íosta seo a leanas agus foilseofar í a mhéid a bhaineann le feidhmíocht fuinnimh lárionad sonraí dá dtagraítear in Airteagal 12:

(a) ainm an lárionaid sonraí, ainm úinéir agus oibreoirí an lárionaid sonraí, an dáta ar cuireadh tús leis na hoibríochtaí sa lárionad sonraí agus an bardas ina bhfuil an lárionad sonraí lonnaithe;

(b) achar urláir an lárionaid sonraí, an chumhacht suiteáilte, an trácht bliantúil sonraí isteach agus amach, agus méid na sonraí a stóráiltear agus a phróiseáiltear laistigh den lárionad sonraí;

(c) feidhmíocht an lárionaid sonraí, le linn na bliana iomláine féilire deiridh, i gcomhréir le príomhtháscairí feidhmíochta maidir le, *inter alia*, tomhaltas fuinnimh, úsáid cumhachta, pointí socraithe teochta, úsáid dramhtheasa, úsáid uisce agus úsáid fuinnimh in-athnuaite, agus úsáid á baint mar bhonn, i gcás inarb infheidhme, as CEN/CENELEC EN 50600-4 'Teicneolaíocht faisnéise - saoráidí agus bonneagair lárionaid sonraí', go dtí go dtiocfaidh an gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 33(3) i bhfeidhm.

| Treoir 2012/27/AE | An Treoir seo |
|---|---|
| Airteagal 3(1), an tríú fomhír, pointe (b) | Airteagal 4(3), an chéad fhomhír, pointe (e)(i) |
| Airteagal 3(1), an tríú fomhír, pointe (c) | Airteagal 4(3), an chéad fhomhír, pointe (e)(ii) |
| Airteagal 3(1), an tríú fomhír, pointe (d) | Airteagal 4(3), an chéad fhomhír, pointe (e)(iii) |
| Airteagal 3(1), an tríú fomhír, pointe (e) | - |
| - | Airteagal 4(3), an chéad fhomhír, pointe (e)(iv) |
| Airteagal 3(2) agus (3) | - |
| Airteagal 3(4) | Airteagal 35(6) |
| Airteagal 3(5) agus (6) | - |
| - | Airteagal 4(4) |
| - | Airteagal 4(5) |
| | Airteagal 4(6) |
| | Airteagal 4(7) |
| - | Airteagal 5 |
| Airteagal 5(1), an chéad fhomhír | Airteagal 6(1), an chéad fhomhír |
| Airteagal 5(1), an dara fomhír | Airteagal 6(1), an cúigiú fomhír |
| - | Airteagal 6(1), an dara agus an tríú fomhír |
| Airteagal 5(1), an tríú fomhír | Airteagal 6(1), an ceathrú fomhír |
| Airteagal 5(1), an ceathrú agus an cúigiú fomhír | - |
| Airteagal 5(2) | Airteagal 6(2) |
| - | Airteagal 6(2), an dara fomhír |
| Airteagal 5(3) | Airteagal 6(3) |
| Airteagal 5(4) | Airteagal 6(4) |
| Airteagal 5(5) | Airteagal 6(5) |
| Airteagal 5(5), an chéad fhomhír, pointe (b) | Airteagal 6(5), an dara fomhír, pointe (c) |
| - | Airteagal 6(5), an dara fomhír, pointe (b) |

| Treoir 2012/27/AE | An Treoir seo |
|---|---|
| Airteagal 9 | Airteagal 13 |
| Airteagal 9a | Airteagal 14 |
| Airteagal 9b | Airteagal 15 |
| Airteagal 9c | Airteagal 16 |
| Airteagal 10 | Airteagal 17 |
| Airteagal 10a | Airteagal 18 |
| Airteagal 11 | Airteagal 19 |
| Airteagal 12 | Airteagal 20 |
| - | Airteagal 21 |
| - | Airteagal 22(1) |
| Airteagal 12(1) | Airteagal 22(2) |
| Airteagal 12(2), an fhoclaíocht tosaigh agus pointe (a), pointí (i) go (v) | Airteagal 22(2), an dara fomhír, fophointí (a) go (g) |
| | Airteagal 22(2), an dara fomhír, fophointe (h) |
| Airteagal 12(2), pointe (b) | Airteagal 22(3), an tríú fomhír |
| - | Airteagal 22(3), an tríú fomhír, pointe (a) agus (b) |
| Airteagal 12(2), pointe (b), pointí (i) agus (ii) | Airteagal 22(3), an tríú fomhír, pointí (c) agus (d) |
| - | Airteagal 22(3), an tríú fomhír, pointe (e) |
| - | Airteagal 22(4), (5), (6), (7), (8) agus (9) |
| - | |
| - | Airteagal 23 |
| - | Airteagal 24 |

| Treoir 2012/27/AE | An Treoir seo |
|---|---|
| - | Airteagal 29(4) |
| Airteagal 18(1), pointe (d), pointí (i) agus (ii) | Airteagal 29(5), pointí (a) agus (b) |
| - | Airteagal 29(5), pointe (c) |
| Airteagal 18(2), pointí (a) agus (b) | Airteagal 29(6), pointí (a) agus (b) |
| Airteagal 18(2) pointí (c) agus (d) | - |
| - | Airteagal 29(6), pointe (c) |
| - | Airteagal 29(7) |
| Airteagal 18(3) | Airteagal 29(8) |
| Airteagal 19(1), pointe (a) | Airteagal 22(5), an chéad fhomhír |
| Airteagal 19(1), pointe (b) | Airteagal 7(7), an chéad fhomhír |
| Airteagal 19(1), an dara fomhír | Airteagal 22(9), an dara fomhír |
| Airteagal 19(2) | - |
| Airteagal 20(1) agus (2) | Airteagal 30(1) agus (2) |
| - | Airteagal 30(3), (4) agus (5) |
| Airteagail 20(3), (3a), (3b) agus (3c) | Airteagal 30(6), (7), (8) agus (9) |
| Airteagal 20(3d) | Airteagal 30(10), an chéad fhomhír |
| - | Airteagal 30(10), an dara fomhír |
| Airteagal 20(4), (5), (6) agus (7) | Airteagal 30(11), (13), (14) agus (15) |
| - | Airteagal 30(12) |
| - | Airteagal 30(16) |
| - | Airteagal 30(17) agus (18) |
| Airteagal 21 | Airteagal 31(1) |
| Iarscríbhinn IV, fonóta 3 | Airteagal 31(2), (3) agus (4) |
| - | Airteagal 31(5) |
| Iarscríbhinn IV, fonóta 3 | Airteagal 31(6) agus (7) |

| Treoir 2012/27/AE | An Treoir seo |
|---|---|
| Airteagal 22(1) agus (2) | Airteagal 33(1) agus (2) |
| - | Airteagal 33(3) |
| Airteagal 23 | Airteagal 34 |
| Airteagail 24(4a), (5) agus (6) | Airteagal 34(1), (2) agus (3) |
| Airteagal 24(7),(8), (9), (10), (12) | - |
| Airteagal 24(13) agus (14) | Airteagal 34(4) agus (5) |
| Airteagal 24(15), an fhoclaíocht tosaigh | Airteagal 34(7), an fhoclaíocht tosaigh |
| Airteagal 24(15), pointe (a) | - |
| Airteagal 24(15), pointe (b) | Airteagal 35(7), pointe (a) |
| - | Airteagal 35(7), pointí (b), (c), (d), (e), (f), (g) agus (h) |
| - | Airteagal 35(7), an dara fomhír |
| Airteagal 24(15), an dara fomhír | Airteagal 35(7), an tríú fomhír |
| Airteagal 25 | - |
| Airteagal 26 | - |
| Airteagal 28 | Airteagal 36 |
| - | Airteagal 37 |
| Airteagal 27, an chéad mhír | Airteagal 38, an chéad mhír |
| Airteagal 27, an dara mír | - |
| Airteagal 27, an tríú mír | Airteagal 38, an dara mír |
| Airteagal 28(1), an chéad fhomhír | Airteagal 36(1), an chéad fhomhír |
| Airteagal 28(1), an dara fomhír | - |
| Airteagal 28(1), an tríú fomhír agus an ceathrú fomhír | Airteagal 36(1), an dara fomhír |
| Airteagal 28(2) | Airteagal 36(2) |
| Airteagal 29 | Airteagal 39 |

